



An Ghaeltacht,  
Éire ár sinsear

AIMSIGH GAELTACHT MHAIGH EO

# Maigh Eo

Iorras, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh

GaelSaoire  
SCÍTH SA GHAELTACHT  
HOLIDAYS IN IRELAND'S GAELTACHT



Eolas breise faoi shaoire sa Ghaeltacht le fáil ó

## GaelSaoire

Ar an idirlíon: [www.gaelsaoire.ie](http://www.gaelsaoire.ie)

---

## Sé do Bheatha...

### An Ghaeltacht... Cad í féin?

Is í an Ghaeltacht an téarma a úsáidtear le tagairt do na ceantair sin in Éirinn ina mbíonn an Ghaeilge fós á labhairt mar theanga phobail, agus ina bhfuil cultúr agus a traidisiún fós beo beathach.

Tá na pobail a labhrann Gaeilge scaipthe ar fud seacht gcontae agus ceithre chúige. Lonnaithe den chuid is mó ar chósta thiar na tire, clúdaíonn an Ghaeltacht codanna fairsinge de chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarráí maraon le codanna de chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge. Tá go leor láithreacha saoire suimiúla agus éagsúla sna ceantair sin.

I gcomhshaol gach ceantair tá saibhreas oidhreachta agus béaloidis, cultúir agus traidisiún, agus tuiscint láidir d'fhéinaitheantas agus d'uathúlacht. Is san áit seo atá an 'fior Éire'!

### Gaeltacht Mhaigh Eo...

Tá Gaeltacht Mhaigh Eo suite le bord farraige ar chósta an larthair timpeall Bhéal an Mhuirthead agus an Fód Dubh in lar-Thuaisceart an chondae. Níos faide ó dheas tá Gaeltacht Acla agus i ndeisceart an chondae ar imeall Loch Measca tá Gaeltacht Thuar Mhic Éadaigh.

1

Déanfaidh sí a cuid féin duit...





2

*Tá rud éigin le chuile dhuine a*



---

## CLÁR

Fionnaigh Gaeltacht Mhaigh Eo .....	5
Béal Deirg go Barr na Trá .....	9
Béal an Mhuirthead agus Leithinis an Mhuirthid .....	13
Gaoth Sáile agus Dú Thuama .....	17
Oileán Acla agus Leithinis an Chorráin .....	19
Tuar Mhic Éadaigh .....	23
Galf .....	24
Siúlóidí, Rothaíocht agus Eachrach .....	26
Lascaireacht Géim agus Farraige .....	33
Caitheamh Aimsire ar Uisce .....	41
Conas dul go Gaeltacht Mhaigh Eo .....	44
Bain trial as cúpla focal .....	46
Léarscáil de Ghaeltacht Mhaigh Eo .....	48/49

Agus an leabhrán seo á thiomsú glacadh gach cúram le cruinneas a chinntiú. Nuair a thabharfar aon earráidí nō rudáí atá fágtha ar lár ar aird Imeachtaí Gaelsaoire Teoranta leasófar na foilseacháin amach anseo dá réir. Ní ghlacann Imeachtaí Gaelsaoire Teoranta, áfach, aon fhreagrácht i leith aon duine de bharr cailleadh nō damáiste a thagann as aon rud atá san fhoilseachán seo.

Grianghraif le círtéis ó Eamonn O'Boyle, Béal an Mhuirthead; Iorras Domhnann; Turasóireacht Iorras; Mayo Naturally; Turasóireacht Acla agus GaelSaoire.

3

shásamh i nGaeltacht Mhaigh Eo...





4

Is fiú Gaeltacht Mhaigh Eo a thaiscéaladh...



---

## FIONNAIGH GAELTACHT MHAIGH EO

Tá leithinis creagach talún ag síneadh amach san aigéan Atlantach ó Leithinis an Mhuirthid thar cósta suntasach go hAchaidh réamhstairiúil Chéide, go Gaoth Sáile, isteach fán dtír i bhfaersingeacht lorrais agus ó dheas go hOileán Acla. Is í seo Gaeltacht ollásach Mhaigh Eo. Timpeall bhrúacha Loch Measca agus faoi scáth shléibhte Pheartraí i ndeisceart an chondae tá baile Gaeltachta Thuar Mhic Éadaigh.

InGaeltacht Mhaigh Eo tá éagsúlacht thírdreach, radharcanna farraige chomh maith le oidhreacht chultúrtha sainiuil. ‘Sí an Ghaeilge teanga labhartha na ndaoine sa cheantar seo a raibh cónaí ar dhaoine ann ó chur daoine fúthu i mbÉal Deirg roimh thógáil na bPirimidí. Tá Gaeilge agus Béarla ar a dtóil ag na daoine agus is féidir leo caidreamh a dhéanamh le daoine i gceachtar den dá theanga.

Is fiú Gaeltacht Mhaigh Eo a thaiscéaladh. ‘Sé barúntacht lorrais i dtuaisceart an chondae an ceantar is lú daonra, é suite i dtimpeallacht ársa cothaithe go cúramach. Don té a bhfuil suim aige iontu tá alltracha, stácaí farraige, machairí, sléibhte, talamh bhogaigh, tránná agus flúirse rudaí suimiúla eile ar fáil.

Ó dheas tá Oileán Acla, an t-oileán is mó in Éirinn. Tá droichead inárdaithe idir é agus an mór thír, agus choinnigh muintir Acla a gcuid sainiúlachta. ‘Sé a gcuid ceoil, radharcanna, tránná agus a bhfáilteacht a thuill cáil do mhuintir Acla.

*ceol, radharcanna, tránná agus fáilteacht...*





6

## Béaloideas áitiúil, seandálaíocht,



Tá rud éigin le chuile dhuine a shásamh i nGaeltacht Mhaigh Eo; an teanga, an béaloideas, nó an timpeallacht sainiúil.

Léiríonn an flúirse uaigheanna réamhstaire, mainistreacha, caisleáin agus iarsmaí eile an saibhreas oidhreachta atá in lorras. ‘Siad Achaidh Chéide, Feirm Réamhstaire Bhéal Deirg, agus Túr Ghlas is cáiliúla acu. Má thugann tú cuairt ar lonad Deirbhle in Eachláim nó an Sean Scoil i gCeathrú Thaidhg beidh fáil agat ar bhéaloideas lorrais agus scéal Chlann Lir.

Áit stáiriúil in Acaill is ea an “Mission” nó “The Colony” mar a tugtar air i nDÚ Ghoirt. Misean a bhí ann chun daoine a athrú chun Protastúnachais. Sa mBaile Tréigthe i nDÚ Goirt tá cheithre scór teach gan díon, gan doras, gan fuinneog de thoradh an droch shaoil agus bochtanas in Acaill san am atá caite.

Léiríonn féilte Gaeltachta Mhaigh Eo tréithe an cheantair; Féile lorrais, féile idirnáisiúnta ealaíona i mí lúil (web: [www.feileiorras.org](http://www.feileiorras.org)) agus Féile Ghaoth Sáile (Teil: 097 86868) curtha ar fáil ag imircí i mí Lúnasa. Dóibh siúd a bhfuil suim acu i gceol uirlis Gaelach tá Scoil Acla (Teil: 098 47306) nó Ceol na Locha i dTuar Mhic Éadaigh (Teil: 092 44229).

Is fianaise ar an dtimpeallacht ársa i nGaeltacht Mhaigh Eo bunú na Páirce Náisiúnta i mBaile Chruaich.

7


*agus an saol a bhí...*





8

*Radharcanna suntasacha ó bharra*



---

## Ó BHÉAL DEIRG GO BARR NA TRÁ

Is in iarthuaisceart bharúntacht lorrais atá Béal Deirg, Gleann na Muaidhe, agus Ceathrú Thaidhg. Tá cáil ar an gceantar seo mar gheall ar a áilleacht nádúrtha, ceantar ina bhfuil radharcanna suntasacha ó bharra na n-ailltreacha, cinn tíre, stácaí, agus uaimheanna a réab cumhacht na farraige ón mór thír. Cuirtear túis leis an turas suntasach seo ag Achaidh Chéide, turas a thugann an taistealaí thart le cósta. Níor athraigh saol na ndaoine anseo le fada an lá, tá an feilméar, an t-iascaire, an cniotálaí, an fiadóir agus an gabha i mbun a gcuid oibre agus bíodh go bhfuil athraithe ar an mbealach, is féidir na himeachtaí seo a fheiceáil go fóill ar thuras thríd Bharúntacht lorrais.

Níos faide ar an mbóthar tá baile beag Gleann na Muaidhe. Cas ar thaobh na láimhe deise i dtreo Ceathrú Thaidhg agus ar do shuaimhneas thríd bóithre caola casta tiocfaidh an taistealaí ar bhailte iascaireachta Port Durlainne agus Ros Dumhach. Ar chuairt ar Sheanscoil Cheathrú Thaidhg is féidir os cionn 4,000 logainm a scrúdú ar léarscáileanna.

Ar ais go Gleann na Muaidhe agus cas taobh na láimhe deise ar feadh cúpla míle go mbuaileann tú leis an mbóthar go Poll a' tSómhais. Níos faide siar an bóthar sin tá baile beag an Inbhear áit ar féidir cuairt a thabhairt ar "Bhaile Uí Fhlannghaile". Lig do scíth ag Barr na Trá ar Loch na Ceathrún Móire.

9

*na n-ailltreacha... áilleacht nádúrtha...*



## Achaidh Céide - Ionad cuairteoirí

Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar an ionad Chuaireoirí ag Achaidh Céide. Anseo is féidir thú féin a mhaosú san tírdhreach réamhstairiúil, san léargas de bhrat portach nádúrtha agus na h-ailltreacha dramatúla ar an gcósta. Siad seo (Achaidh Céide) na córais achaidh is sine a thanghas orthu riamh, os cionn chuíg go leith míle bliain d'aois.

**Teagháil:** The Céide Fields Visitor Centre. Tel: 096 43325

## An Seanscoil

Áit sár-mhaith í seo mar ionad thagartha le stair, agus báloideas na háite a fhoghlaim. Anseo tá amhráin, scéalta, logainmneacha, (os cionn 4,000 acu agus iad ar léarscáileanna), sean tradisiúin agus go leor eolais suimiúil le fáil.

**Teagháil:** Comhar Dhún Chaocháin. Tel: 097 88082

## Baile Uí Fhlannghaile, Poll a' tSómhais

Tá sé lonnaithe in áit álainn, ionad cniotála le flúirse éarraí cniotáilte sa siopa ceardaíochta, bialann agus ionad éanacha allta.

**Teagháil:** Baile Uí Fhlannghaile, Poll a' tSómhais. Tel: 097 84607

*Tírdhreach réamhstairiúil, brat portach*





11

nádúrtha agus ailltreacha dramatúla...





12

*Creagach ar an imeall agus anseo agus ansúid*



---

## BÉAL AN MHUIRTHEAD AGUS LEITHINIS AN MHUIRTHID

Síneann an leithinis seo amach san Aigéan Atlantach, é creagach ar an imeall agus anseo agus ansúid tráonna ciúine agus cuanta éadoimhne. Is beag nach oiléán é an leithinis seo agus gan de cheangal aige leis an mórhír ach Béal an Mhuirthead. Tá cuid de na tráonna is fearr in Éirinn anseo, agus dumhaigh gainmhe mar a bhí siad ó thús ama. An té a bhfuil suim aige i gcaitheamh aimsire uisce, seo í an áit dó. Tá cósta an iarthair ar thaobh na n-oileán ar cheann de na háiteacha is fearr do chlár toinne, bád seoil nó curachóireacht agus más ciúineas agus foscadh atá ag teastáil tá sé sin le fáil ar chósta an oirthir áit a bhfuil uisce fíor ghlan, ciúin, foscúil i gCuan Oillí agus Mullach Rua.

Sa taobh ó dheas de leithinis an Mhuirthid tá Eachléim, baile beag Gaeltachta ar bronnadh an gairm Beatha air, rud a léiríonn neamhthruailliú agus cúram don dulra san áit fíor álainn seo. Pobal é seo maosta i nGaeilge, togha ceoil Gaelach agus gach a bhaineann le Gaelachas. Tagann an t-ainm Eachléim ón dá fhocal Gaeilge “each” agus “léim”. De réir bhéaloideas na háite léim capall miotasach ó iarthar an bhaile fearainn go hoirthear an bhaile fearainn agus tugadh Eachléim ar an talamh idir an dá áit.

13

tráonna ciúine agus cúanta éadoimhne...



## **Na hOileáin**

Amach ó chósta an iarthair tá Inis Gluaire, oileán álainn, agus Inis Gé, oileán a bhfuil saibhreas staire ag baint leo agus ina raibh mainistreacha go luath i Ré na Críostaíochta. Ón mbliain 1927 ní raibh cónaí ar dhuine ar bith in Inis Gé ach is ann a thigeann na géabha fiáine sa Gheimhreadh.

Tá saibhreas ábhair seandálaíochta ó thíos na Críostaíochta ar oileán Inis Gé agus ar an Oileán Theas tá fothrach stáisiúin seilge an mhíl mhóir. Sa séú haois bhunaigh Colmcille mainistir anseo.

Tá cáil ar Inis Gluaire chomh maith. Is ar an oileán seo a bhunaigh Naomh Breandán, an loingseoir a mhainistir, tá fothrach na mainistreach le feiceáil go fóill. Cailleadh Naomh Breandán sa bhliain 577A.D. De réir na finscéalaíochta cuireadh Clann Lir – Colm, Aodh, Fiachra agus Fionnuala anseo.

## **Ionad Deirbhle, Ionad Oidhreachta Dheirbhle**

Tá an-chuimse eolais ar bhéaloideas áitiúil, seandálaíocht, stair agus saol na ndaoine san am atá caite ar fáil anseo. Tá fhuinneog sainiúil 10 dtroigh ar airde ag léiriú scéal Naomh Dheirbhle san ionad seo. Macasamhail is ea an fhuinneog seo de fhuinneog in Eaglais réamh-Normánach ag an bhFál Mór.

**Teagmháil:** Ionad Deirbhle, Eachléim. Tel: 097 85790

*Saibhreas ábhair seandálaíochta*





15


ó thús na críostaíochta...





16

Léargas iontach ar Shliabhraon Neifin Beag



---

## GAOTH SÁILE AGUS DÚ THUAMA

Téigh ó dheas le bord Cuan an Fhóid Dhuibh go Gaoth Sáile (Gaoth le salainn ann nó Gaoth na Farraige). Ó Bhaile Gaoth Sáile ritheann an bóthar le himeall na leithinise agus uaidh seo tá léargas iontach ar Shliabhraon Neifin Beag soir uaidh agus binn Shliabh Mór ar Oileán Acla ó dheas. Ba é baile fearainn agus baile Dú Thuama an suíomh a bhí ag John Millington Synge dá dhráma cáiliúil “The Playboy of the Western World”. I mí Lúnasa chuile bhliain bionn rásáí con agus capall ar an trá agus is fiú do thurasóir cuairt a thabhairt air. B’fhéidir go bhfeicfeá geamairí ar a mbealach ag bainis áitiúil.

### Éisc Oileán Iolra

Bunaíodh an tionscal seo ós cionn 30 bliain ó shoin. Is fiú cuairt a thabhairt air agus tú i nDú Thuama agus is féidir do thart a shásamh sa teach tábhairne taobh leis nó béile den bhradán deataithe a chaitheamh.

**Teagmháil:** Éisc Oileán Iolra, Dú Thuama. Tel: 097 86820 / 86829

agus binn Shliabh Mór ar Oileán Acla...





18

*An toileán is mó ar chósta na hÉireann, oileán a*



---

## OILEÁN ACLA AGUS LEITHINIS AN CHORRÁIN

Is é Oileán Acla an t-oileán is mó ar chósta na hÉireann, oileán a bhfuil tráinna órdha, áilleacht thar cuimse, an spéir líonta le scamaill den uile chineál agus den uile dhath, iad uaireanta ar bharra na gcnoc, uaireanta eile ins na gleannta. Is féidir dul ón mór thír go hAcaill thar dhroichead inárdaithe ag Gob a' Choire agus is Gaeltacht leath den oileán. Tá cuid de na h-ailltreacha is suntasaigh san Eoraip ar imeall an oileáin seo, ailltreacha atá mar chosantóir idir na sléibhte agus na cnoic.

Tá go leor bailte beaga ar fud an oileáin agus tráinna fiúr álainn agus an brat gorm mar ghradam acu. In iarthar an oileáin tá Sliabh Chruacháin 668méadar agus tá dhá shliabh eile ar an oileán - Sliabh Mór 671 méadar agus Mionnán 466 méadar. Mar chaithreamh aimsire tá slat iascaireacht farraige, tumadóireacht, gaillf, seandálaíocht agus imeachtaí eile ar fáil ar an oileán ach tá ciúineas agus síochán thar barr ann.

Tagann go leor daoine leis an Baile Tréigthe ar leargain Shliabh Mór a fheiceáil. Cuireann an cheithre scór teach tréigthe an droch shaol i gcuimhne do dhaoine. Taobh ó dheas de Ghob a' Choire agus é dírithe ar Acaill Beag tá Caisleán Chill Damhnait, a tógadh san cúigiú aois déag agus sa tsean am ba leis an mbanríon Gráinne Ní Mháille é. Ar an gcósta ó dheas den oileán tá na “Cathedral Rocks” a bhfuil cuma orthu go mba ailtire a chum iad. Tá an aill is airde san Eoraip ar thaobh Shliabh Chruacháin agus an aill sin 2000 troigh ar airde.

19

*bhfuil tráinna órdha agus áilleacht thar cuimse...*





20

*Ba é an gloiteog, an bád seol, an bád iascaireachta*

Tá go leor ealaíontóirí agus grianghrafnadóirí curtha fúthu in Acaill. Mheall cáilíochtaí sean-aoiseach scríbhneoirí cáiliúla go hAcaill. Duine acu ab ea an Gearmánach Heinrich Boll a ghnóthaigh an Duais Nobel. Is ar Oileán Acla a fuair Paul Henry, Derek Hill, Charles Lamb agus Robert Henri spreagadh dá gcuid pictiúir ón tírdhreach agus pictiúirí farraige. Cuirtear cúrsaí dathadóireachta ar fáil i nGáilearaí Ealaíonn an Danlainn.

Ba é an Yawl, an bád seoil, an bád iascaireachta a bhí ag iascairí Acla sna blianta imithe tharainn. Le roinnt blianta bíonn rásáid do na báid seoil seo chuile shamhradh, rud a mhúscail suim i dtóigáil na mbád adhmaid seo. Sa Samhradh bíonn na Yawl seo le feiceáil ag seoladh na farraige amach ó Acaill.

### **Leithinis an Chorráin**

Má thiomáineann tú thart ar Leithinis an Chorráin tiocfaidh tú ag baile beag an Chorráin áit a dtig leat sean iarsmaí a fheiceáil i halla an bhaile. Tá go leor láthair stairiúla, agus carn sliogán a léiríonn go raibh cónaí ar dhaoine anseo idir 5000 agus 7000 bliain ó shoin. Bhí mianach copair anseo san 19ú aois. I ndeisceart an Chorráin tá Teach Chorráin a bhfuil gáirdíní suimiúla ann ón bhliain 1838.

### **Ionad Saol na Tuaithe, Béal Fearsad**

Tá teachín traidisiúnta anseo a bhfuil taispeántas ann de shaol na ndaoine in Acaill san am fadó. Tugtar ranganna ar dhéanamh ciseáin anseo.

**Teagmháil:** Folk Life Centre, Béal Fearsad. Tel: 098 45504

21

*a bhí ag iascairí Acla sna blianta imithe tharainn...*





22

Níos faide intíre ó chósta Loch





tá síocháin, ciúineas agus suaimhneas anseo

---

## TUAR MHIC ÉADAIGH

Níos faide intíre ó chósta Loch Measca, faoi scáth Shléibhte Partraí, i ndeisceart an chondae tá baile Thuar Mhic Éadaigh suite.

Chomh maith le radharcanna fíor álainn tá síochán, ciúineas agus suaimhneas anseo. Iad siúd a bhfuil suim acu bheith ag siúl ar na cnoic, ag spaisteoireacht ins na coillte nó ag iascaireacht ar Loch Measca tig leo bheith cinnte go mbeidh deis acu iad féin a shásamh leis na caithimh aimsire seo. Tá tradisiún láidir cniotála sa cheantar seo chomh maith.

Measca, faoi scáth Shléibhte Partraí...



---

## GALF

Tá sár chúrsaí gailf ar fáil don chuairteoir in iarthar na hÉireann, cúrsáí a ndearnadh forbairt orthu as an dtírdhreach álainn nádurtha. In Gaeltacht Mhaigh Eo tá radharcanna fíor álainn, timpeallacht neamh-thruaillithe agus sásamh dóibh siúd a ghlaicann le dúshlán sa chluiche galf.

### Galf Chúrsa an Chairn

Le bord an Aigéan Atlantaigh in lóras tá dumhaigh arda gainmhe, agus anseo atá Galf Chúrsa an Chairn lonnaithe, machaire galf ocht bpoll déag de chaighdeán curaидh. Tá teeanna ardaithe, poill uisce, abharacha, mínligh le casadh iontu agus chuile rud leis an imreoir galf a spreagadh agus a chaighdeán imeartha a mheas. Par 72.

**Teagmháil:** Galf Chúrsa an Chairn, Cairn, Béal an Mhuirthead.

Teil: 097 82292 Facs 097 81477 Ríomhphost: carngolf@iol.ie

Idirlón: [www.carnegolflinks.com](http://www.carnegolflinks.com)

### Club Galf Acila

Naoi bpoll atá sa machaire gailf seo agus é suite i dtimpeallacht álainn de chuid Acla. Par 35.

**Teagmháil:** Club Gailf Acla, An Caol, Acaill. Teil: 098 43456

### Club Galf Maolraithní

Ní mór don imreoir gailf a bheith an-chruinn len a chuid buillí ar an gcúrsa 9 bpoll seo.

**Teagmháil:** Club Galf Maolraithní, Maolraithní. Teil: 098 36262

*Galf, seoltóireacht, snámh, marcaíocht, siúlóidí,*





25

*dreadadóireacht, rothaíocht, iascach, lóistín...*



---

## SIÚLÓIDÍ, ROTHÁÍOCHT AGUS EACHRACH

Is de shiúl cos, rothaíocht nó ar mhuin capaill an chaoi is fearr le Gaeltacht Mhaigh Eo a thaiscéaladh. Tá go leor éagsúlachta ar fáil don taistealaí. Tig leat siúl, rothaíocht nó sodar ar na mbóithríní nó na cártaí forbartha agus taitneamh a bhaint as na portaigh, machairí, dumhaigh gainmhe, sléibhte, ailltreacha, tránná gainmheacha agus uaimheanna creagacha agus ag an am céanna do chuid scamhóg a líonadh le haer úr glan ó dtimpeallacht neamh-thruaillithe. Tá an-mhéid agus an-éagsúlachta siúlóidí gearra, siúlóidí sléibhe, agus cártaí raonaithe ar fáil i gCondae Mhaigh Eo, cártaí réidhe nó dreapadóireacht sléibhete, bíodh do rogha agat. Is cuma cén cárta a ghluas tú beidh tírdhreach fíor-álainn le feiceáil agat agus tú beagnach leat fén.

### The Western Way - Co. Mhaigh Eo

Síneann an cárta seo ó fjord an ChaolsháilRua ar theorainn Chondae na Gaillimhe go Sliabh Gamh ar theorainn Chondae Shligigh. Téann an taistealaí thar sléibhete creagacha, bóithríní, bóithre beaga beagnach clúdaithe le crainnte agus casáin thríd coillte, turas a bhfuil éagsúlachta mhór ó thaobh tírdhreach agus réimse talún. Buaileann an “Western Way” le Gaeltacht Mhaigh Eo de réir mar a théann sé ó thuaidh tríd na portaigh agus bogaigh in lóras agus Tír Amhlaidh go sroicheann sé Baile an Chaisil, baile beag atá an-ghar do Achaidh Chéide, áit a raibh cónaí ar dhaoine 5000 bliain ó shoin. Tá léarscáil mionchuntais ar fáil ins na hoifigí turasóireachta.

*Is de shiúl cos, rothaíocht nó ar mhuin capaill an*





27

chaoi is fearr le Gaeltacht Mhaigh Eo a thaiscéaladh...



## **The Bangor Trail**

Tá an casán seo 48km ar fhad agus síneann sé ó Bhaile Uí Fhiacháin thrí Shliabhraon Neifín Beag go Beannchor lorrais in loras in aice le Gaeltacht Mhaigh Eo. Is ar chasán thrí mórhír iargúlta is mó atá an cúrsa seo agus tá léarscáileanna mionchuntais le fáil ins na hoifigí turasóireachta.

## **Tír Sáile**

Bunaíodh an feachtas seo mar cheiliúradh ar Mhaigh Eo 5000. Bhí dealbhadóirí ó ocht dtír agus trí mhórthír páirteach san iarracht seo chun dealbhadóireacht a chur ar fáil in áiteacha éagsúla ar fud thuaiseart Chondae Mhaigh Eo. Cúig cinn déag de phíosaí dealbhadóireachta éagsúil atá ar fáil ó Bhéal an Átha, tríd Bhéal Deirg, Gleann na Muaidhe, Ceathrú Thaidhg, Béal an Mhuirthead go Ceann an Fhóid Duibh. Tá treoir leabhair ar fáil go háitiúil.

Idirlón: <http://ballina.mayo-ireland.ie/TirSaile/TirSaile.htm>

## **Siúlóidí Áitiúla**

Bhunaigh grúpaí turasóireachta siúlóidí agus cúrsaí rothaíochta gearra do thurasóirí a bhfuil a leithéid uathu.

### **Tá eolas ar fáil ó:**

Iorras: Iorras Domhnann. Tel: 097 81500

Acaill: Turasóireacht Acla. Tel: 098 47353 Idirlón: [www.achilltourism.com](http://www.achilltourism.com)

Tuar Mhic Éadaigh: Idirlón: [www.tourmakeady.com/hillwalking.htm](http://www.tourmakeady.com/hillwalking.htm)

*Tír Sáile... feachtas cheiliúradh Mhaigh Eo 5000*





29

dealbhadóirí ó ocht dtír agus trí mhórthír páirteach...





Tírdhreach fíor álainn ar mhuin capaill...

### Marcaíocht Capaill

Tá stablaí Ard Aoibhinn lonnaithe i dTuar Mhic Éadaigh i gContae Mhaigh Eo faoi chúram chlann De Búrca. Feirm oibre í seo le hlonad Marcaíochta agus aíocht nó lóistín féin-fhreastal ar fáil. Ar an láthair tá teagascóir cailithe, airéana taobh amuigh, agus turais ar fáil ar mhuin capaill. Is féidir taitneamh a bhaint as an tírdhreach fíor-álainn agus an dúlra ar mhuin capaill. Tá gearrán Chonamara le fáil chomh maith le caiple seilge.

**Teagmháil:** Stablaí Ard Aoibhinn, An Ceapach Dubh, Tuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo. Tel: 092 44000

*Teagascóir cailithe, airéana taobh amuigh,*




*agus turais ar fáil ar mhuin capaill*





32

*Mar ionad slat iascaireachta... is é*



## IASCAIREACHT GÉIM AGUS FARRAIGE

Tá cáil ar Éirinn mar ionad slat-iascaireachta iontach san Eoraip agus gan amhras is é tuaisceart Mhaigh Eo an áit is fearr sa tír. Thart le cósta Bharúntacht lorrais agus Acaill tá na mílte de chósta den uile chinéal agus isteach fan dtír tá éagsúlacht loch agus abhainn suite i dtimpeallachtaí fíor-álainn. Tá go leor éagsúlacht iasc ar fáil anseo.

### Slat lascaireacht Farraige

Tá naoi gcinn déag is fiche de chineálacha éagsúla iasc le fáil sa bhfarrage amach ó chósta lorrais, an ceantar is fearr slat-iascaireacht farraige ar chósta na hÉireann. Ceaptar gurb é Béal an Mhuirthead ceann de na hionaid slat-iascaireachta is fearr in Éirinn. Taobh ó dheas tá cuan foscúil an Fhóid Duibh agus taobh ó thuaidh cuan foscuil eile - Cuan an Inbhir agus is féidir báid cálithe agus ceadaithe le haghaidh slat-iascaireacht a fhostú le scipéirí a bhfuil sean taithí acu ar shlat iascaireacht farraige. Tugann an flúirse oiléán foscadh ón ngaoth agus taitneamh don slat-iascaire in Acaill. Ó thuaidh ó oiléán Acla trasna ón bhFód Dubh, tá an-iascaireacht agus iascaireacht siorc chomh maith.

Tá báid cálithe le haghaidh slat-iascaireacht lonnaithe sna ceantracha Gaeltachta len a gcuid scipéirí. Is féidir iad a fhostú ar feadh lae nó leath lae. Tá siopa fearas iascaireachta agus baoití i mBéal an Mhuirthead.

33

*tuaisceart Mhaigh Eo an áit is fearr sa tír*



Seo a leanas liosta de na daoine a bhfuil báid le ceadúnas acu i nGaeltacht Mhaigh Eo. Moltar do shlat iascairí a gcuid socraithe féin a dhéanamh maidir le ceadúnais agus árachas.

**Badóir:** Micheál Ó Maolabhair  
**Seoladh:** Eachláim, An Fód Dubh, Béal an Átha, Co. Mhuigh Eo

**Teil:** 097 85669

**Lonnaithe:** Céibh an Phóid Dhuibh.

**Badóir:** Antoine De Búrca

**Seoladh:** Caiseal, Acaill, Co. Mhaigh Eo.

**Tei:** 098 47257 nó 086 8407697

**Ríomhphost:** tmburke@eircom.net

**Lonnaithe:** Pointín

**Badóir:** Seán Ó Máille

**Seoladh:** Corráin, Acaill, Co. Mhaigh Eo.

**Teil:** 098 45265 nó 086 8766585

**Lonnaithe:** Corráin

**Badóir:** Seán Mac Sheáin

**Seoladh:** Dú Éige, Acaill, Co. Mhaigh Eo

**Teil:** 098 45743 nó 087 2945346

**Facs:** 098 45743

**Ríomhphost:** ladyclare@anu.ie

**Lonnaithe:** Corráin

Tá naoi gcinn déag is fiche de chineálacha éagsúla





35

*iasc le fáil sa bhfarraige amach ó chósta lorrais...*



36

## Eagraíonn clubanna iascaireachta



## **Clubanna lascaireachta**

Eagraíonn clubanna lascaireachta comórtaisí i rith séasúr na hiascaireachta agus is féidir teagmháil leo mar seo a leanas:

### **Tá eolas ar fáil ó:**

Cumann Slat lascaireachta Béal an Mhuirthead. Tel: 097 82093

Club Slat lascaireachta an Chorrán, Corrán, Acaill. Tel: 098 45723

Club Slat lascaireachta Oileán Acla, Dú Acha, Acaill.

Tel: 098 43005 Facs: 098 43006

## **Slat lascaireacht Chladaigh**

Tá slat lascaireacht cladaigh nó trá ar fheabhas in Acaill agus lorraí.

Tá na mílte fada de thráinna agus cladaigh agus gan ní ar domhain le cur isteach ar an iascaire.

*comórtaisí i rith séasúr na hiascaireachta...*





58

Tá ceithre loch i gContae Mhaigh Eo a bhfuil cail



## **Iascaireacht Locha agus Abhna**

Tá ceithre loch i gContae Mhaigh Eo a bhfuil cál i bhfad is i gcéin orthu mar gheall ar an feabhas atá iascaireacht an bhric rua – Loch Conn, Loch Cuilinn, Loch Cearra agus Loch Measca. Chomh maith leis na locha sin tá roinnt mhaith locha beaga agus aibhneacha a bhfuil éagsúlacht iascaireachta iontu. Tá locha beaga thusa ins na sléibhte in áiteacha iargúlta agus locha eile a ndéantar bainistíocht orthu agus ina scaoiltear amach bric óga chuile bliain.

### **Tá ceadúnaisí ar fáil ó:**

Bangor Angling Club, Beannchor Iorrais. Tel: 097 83487  
Achill Sporting Club, The Valley, Acaill. Tel: 098 47006

Tá léarscáileanna, treoraithe agus tuilleadh eolais le fáil ó North Western Regional Fisheries Board, Ardnaree House, Abbey Street, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Tel: 096 22788.

## **Tuar Mhic Éadaigh**

Ó mhí Mhárta go deireadh mhí Mheán Fhómhair bíonn iascaireacht na mbreac rua ar siúl ar Loch Measca, an tiascaireacht is fearr le linn séasúr an Chuil Bhealtaine, sé sin ó lár mhí Bhealtaine go lár mhí Mheithimh agus arís ó lar mhí Lúnasa go deireadh mhí Mheán Fómhair. Eagraíonn Club Slat Iascairí Thuar Mhic Éadaigh comórtais do dhaoine áitiúla agus do thurasóirí chuile bliain ach sé an Comórtas Corn Eorpach a eagraítear i mí Bealtaine chuile bliain an comórtas is mó.

*orthu... Loch Conn, Cuilinn, Cearra agus Measca...*





40

*Uisce glan neamhthruallaithe*



---

## CAITHEAMH AIMSIRE AR UISCE

Is cuid tábhachtach de Ghaeltacht Mhaigh Eo uisce glan neamhthruallaithe an Aigéin Atlantaigh. Don té a bhfuil suim aige i gcaitheamh aimsire ar an uisce tá sé le fáil in lorras nó in Acaill. Tá na mílte fada de thráonna fada, órdha sa dá phríomh chuan in lorras, siad sin Cuan an Phóid Dhuibh agus Cuan an Inbhir agus rogha de fharraige ciúin nó tonnta móra mar atá ag Trá Eannach. Tá cáil ar an gceantar már áit thumadóireacht, seoltóireacht, curachóireacht, dul sa mbruth le clár toinne, tránnna slán sábhalte do pháistí agus teagasc snámha ar fáil dóibh. Is féidir suaimhneas chuan Dú Éige nó bruth glórach Dhú Goirt a bheith agat in Acaill. Moltar go gcinnteofaí roimhré leis na hionaid spóirt uisce faoina gcáilíochtaí agus árachas.

### **UISCE Ionad Spóirt Uisce**

Is ionad spóirt uisce agus coláiste samhraidh Gaeilge nasctha le chéile an tlonad seo. Tá réimse leathan cursaí ar fáil do pháistí agus daoine fásta.

**Teagmháil:** Coláiste UISCE, Béal an Mhuirthead. Tel/Facs: 097 82111  
Idirlón: [www.uisce.com](http://www.uisce.com)

*an Aigéin Atlantaigh...*



## **Achill Outdoor Education Centre**

Cuireann an tlonad seo, lonnaithe i gCaiseal, imeachtaí mar seo a leanas ar fáil; curachóireacht, clár toinne, dreapadóireacht, siúl sléibhe, agus treoshuúomh do dhaoine idir seacht mbliana d'aois agus ceithre bliana is trí scór.

**Teagmháil:** Achill Outdoor Education Centre, Acaill.

Teil: 098 47253 Facs: 098 47304

## **McDowells Activity Centre**

Tá an tlonad seo lonnaithe ag Caol in Acaill agus cuireann sé curachóireacht, clár toinne, siúl sléibhe, iomradh curach tradisiúnta agus seoltóireacht ar chlár toinne ar fáil. Tá campaí agus fearas ar fáil.

**Teagmháil:** McDowells Activity Centre, Dú Ghoirt, Acaill.

Teil: 0902 94801 Idirlíon: [www.achill-leisure.ie](http://www.achill-leisure.ie)

## **Ionaid Tumadóireachta**

Tá ionaid iontach tumadóireachta in Acaill agus in loras mar gheall ar an uisce fíor ghlan. Cuireann na hionaid seo seirbhís ar fáil don tumadóir gairmiúil agus an tumadóir amaitéarach.

**Teagmháil:** Cuan na Farraige, Baile na hAchadh, Poll a' tSómhais, Béal an Átha. Teil: 097 87800. Ríomhphost: [cuanafarraige@eircom.net](mailto:cuanafarraige@eircom.net)

**Teagmháil:** Achill Island Scuba Dive Centre, Céidh Póirtín, Acaill.

Teil: 087 2349884. Ríomhphost: [josephcarey@eircom.net](mailto:josephcarey@eircom.net).

*Tá cál ar an gceantar már áit thumadóireachta, seoltó*





43

*ireacht, curachóireacht, dul sa mbruth le clár toinne...*



---

## CONAS DUL GO GAELTACHT MHAIGH EO...

### Aer

Tá aerphort Chnoc Mhuire suite gar do Bhaile Chathail in Oirtheor Mhaigh Eo. Tá aersheirbhísí ó Bhaile Átha Cliath agus Stanstead Londain. Níl aerphort na Gaillimhe ná aerphort Shligigh i bhfad ó aerphort Chnoc Mhuire. Tuilleadh eolais ó ghníomhairí taistil áitiúil.

### Bóthar agus Bóthar larainn

Tá chuile chuid de Ghaeltacht Mhaigh Eo insroichte ó Bhaile Átha Cliath, Béal Feirste, Gaillimh, Sligeach agus na príomh-bhailte eile ar fud na hÉireann. Tá staisiún bus agus traenach i mBéal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart agus tá ceangal bus le Béal an Mhuirthead (staisiún Bhéal an Átha), Acaill (Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart), agus Tuar Mhic Éadaigh (Caisleán an Bharraigh) go rialta. Cuireann Bus Éireann an seirbhís bus ar fáil.

### Muir

Taistealann báid farantóireachta agus báid paisnéirí ó Shasana agus an Fhrainc go Corcaigh, Ros Láir, Béal Feirste, Dún Laoghaire agus Baile Átha Cliath.

*Tá aerphort Chnoc Mhuire suite gar do Bhaile*





45

*Chathail... tírdhreach atá 5000 bliain d'aois...*





## Pioc leat beagán Gae

---

### TRY A FEW LITTLE WORDS...

Cúpla focal (*coopla fukal*) = A few words

Dia dhuit (*deea gwit*) = Hello

Sé do bheatha (*Shay duh vaha*) = You are welcome

Conas tá tú? (*cunas taw too*) = How are you?

An bhfuil tú go maith? (*on will too guh moh*) = Are you well?

Tá mé go maith, buíochas le Dia (*taw may gu moh bweekus leh deea*) =  
I am well, thanks be to God

Tá an lá go breá (*taw an law gu braw*) = It is a fine day

Cá bhfuil an ofig fáilte? (*caw will on offig faulte?*) =  
Where is the tourist office?

Cá bhfuil ofig an phoist? (*caw will offig an fisht*) =  
Where is the post office?



Go dtí go gcastar ar



ilge, ní fál go haer é!

Cá bhfuil na Gardaí Síochána? (*caw will na Gawaydee Sheeacanna?*) =  
Where are the civic guards (the police)?

Cá bhfuil an séipéal (*caw will on shape - ay ul?*) = Where is the church?

Slán leat (*slan lat*) = Goodbye

Slán tamall (*slawn tomol*) = Goodbye for a little while

Bíodh lá maith agat (*bee-uk law moh ugut*) = Have a good day

Bíodh saoire deas agat sa Ghaeltacht (*bee-uk seera das ugut sa Ghaeltacht*) = Have a nice holiday in the Gaeltacht

Go dtí go gcasfaimíd arís (*guh dee guh gosfimeed areesh*) =  
Until we meet again

Céad míle fáilte romhat (*kayud meela faulte rowat*) =  
A hundred thousand welcomes to you

47

a chéile arís sinn!







*GaelSaoire*

*Ar an idirlíon: [www.gaelsaoire.ie](http://www.gaelsaoire.ie)*